C/2025/4097

21.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4097)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Gran Canaria'

PDO-ES-A0112-AM02 — 23.4.2025

1. **Ainm an táirge**

'Gran Canaria'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia Ard-Stiúrthóireacht an Bhia Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é toisc nach é atá i gceist leis catagóir táirge fíniúna a athrú, a scriosadh ná a chur leis, ná nach n-áirítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar síos in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

7.1. *Foclaíocht fheabhsaithe ar an tuairisc ar na fíonta*

Tuairisc:

Cuirtear na téarmaí a chomhfhreagraíonn dóibh go dlíthiúil in ionad na mbealaí áitiúla chun tagairt a dhéanamh do na cineálacha éagsúla fíona a chumhdaítear, i.e. catagóir an táirge fíniúna chomhfhreagraigh, mar a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202500027).

Dá bhrí sin, cuirtear catagóir 1, i.e. 'Fíon', in ionad 'geal', 'rosé' agus 'dearg'; agus cuirtear catagóir 16, i.e. 'fíon ó fhíonchaora ró-aibí' in ionad 'fíon milis clasaiceach'. Liostaítear iad uile faoi cheannteideal nua '2.1 Catagóirí'.

Ina theannta sin, scriosadh na ceanglais táirgthe maidir le fíonta súilíneacha agus fíon ó fhíonchaora ró-aibí, toisc nár cheart é sin a áireamh sa chuid seo den téacs. I gcás fíonta súilíneacha, ní aistrítear iad sin chuig roinn nua téacs, mar a mhíneofar sa chéad leasú eile.

Baineann an leasú seo le roinn 2, 'Tuairisc ar an bhfíon', den tsonraíocht táirge. Ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair toisc go raibh na catagóirí ábhartha fíona sa doiciméad sin cheana féin.

Is leasú caighdeánach é toisc nach é atá i gceist leis catagóir táirge fíniúna a athrú, a scriosadh ná a chur leis, ná nach n-áirítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar síos in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

De bhun Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ní mór an roinn 'Catagóir' a áireamh, ós rud é go leagtar síos in Airteagal 94(1)(b) den Rialachán céanna nach mór na catagóirí táirgí fíniúna a chumhdaítear leis an ATFC a bheith sa tsonraíocht táirge. Ar an gcuma chéanna, ceanglaítear le hAirteagal 95(1)(e) den Rialachán go ndéanfar é sin sa doiciméad aonair, cé gur comhlíonadh an doiciméad aonair cheana féin, agus is é sin an fáth nach ndéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

7.2. *Athruithe ar na ceanglais táirgthe le haghaidh fíonta súilíneacha*

Tuairisc

Baineadh dhá shrian:

— An srian ar fhíon súilíneach a dhéanamh ó chineálacha geala amháin, rud a fhágann gur féidir an chatagóir fíona sin a tháirgeadh freisin ó chineálacha fíniúna deirge a liostaítear sa tsonraíocht.

— Táirgeadh fíona shúilínigh a shrianadh don mhodh traidisiúnta, lena gceadaítear cleachtais táirgthe eile don chatagóir seo, ar choinníoll gurb iad na modhanna a fhormheastar nó a cheadaítear faoi na rialacha ginearálta na modhanna sin.

Baineann an leasú seo le pointe 2(b), 'Tuairisc ar an bhfíon', den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach n-áirítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

I limistéar geografach an ATFC, bhí an cleachtas ann fíonta súilíneacha a tháirgeadh, idir chineálacha geala agus chineálacha dearga. Mar sin féin, níor cumhdaíodh fíon súilíneach a rinneadh as cineálacha dearga leis an ATFC, ós rud é nach raibh mórán éilimh ó chustaiméirí ann. Ní dhearna fíonlanna ach méideanna beaga bídeacha, agus níor cuireadh iad ar an margadh.

Mar thoradh ar nósanna nua tomhaltais, tá éileamh mór ar fhíonta súilíneacha a dhéantar as cineálacha dearga agus, dá bhrí sin, i bhfianaise an éilimh atá ann faoi láthair, tá sé beartaithe na fíonta súilíneacha sin a áireamh.

An tráth céanna, d'éascaigh agus d'fheabhsaigh an dul chun cinn teicneolaíoch modhanna táirgthe na bhfíonta súilíneacha. Dá bhrí sin, baineadh an srian ar tháirgeadh trí úsáid a bhaint as an modh traidisiúnta freisin, rud a fhágann go bhfuil modhanna táirgthe eile ann.

7.3. *Tuairisc orgánaileipteach feabhsaithe*

Tuairisc

Cuireadh feabhas ar an tuairisc orgánaileipteach toisc go raibh sé deacair cuid de na fíonta a shainaithint leis na tuairiscí sa tsonraíocht, a leasaíodh.

Níl athrú substaintiúil i gceist leis an leasú ar na saintréithe orgánaileipteacha sin, toisc go leanann na fíonta de na saintréithe sainiúla a bhaineann go sonrach leis an ATFC 'Gran Canaria' a choinneáil ar bun.

Baineann sé sin le roinn (b), 'Saintréithe orgánaileipteacha', de phointe 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4, 'Tuairisc ar an bhfíon', den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach n-áirítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Tá níos mó agus níos mó fíonlann ag táirgeadh fíonta gan mórán idirghabhála. Níl éagsúlacht mhór sna fíonta a eascraíonn as sin ó thaobh a saintréithe orgánaileipteacha de, ach ní mór iad a athshainiú.

Cumhdaítear leis an leasú seo saintréithe na bhfíonta idirghabhála ísle, a bhfuil éileamh mór orthu faoi láthair mar gheall ar fheasacht shóisialta ar thomhaltas táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, gan mórán dramhaíola neamhriachtanach agus cleachtais thraidisiúnta á leanúint. Rinneadh na cleachtais sin cheana féin sa limistéar geografach faoi chosaint ach níor tugadh tuairisc orthu sa tsonraíocht.

7.4. *Scriosadh srianta fíoneolaíochta*

Tuairisc

Scriosadh na srianta ar chineál an umair agus ar thoilleadh uasta na n-umar a úsáidtear sa phróiseáil, agus srianta eile atá i bpointe 2(a), 'Cleachtais fhíoneolaíocha'. Is é seo a leanas an téacs a scriosadh:

'2. Tarlaíonn táirgeadh in umair nó i gcoimeádáin cruach dosmálta agus i mbairillí darach ag a bhfuil toilleadh uasta 225 lítear, agus in umair snáithínghloine le haghaidh úsáid bia freisin, agus in umair atá déanta as coincréit, atá brataithe ar an taobh istigh le roisín eapocsach bia-shonrach, lena n-áirithítear fíonta sláintiúla. Cuirfidh na teicnící a úsáidtear chun fíonchaora, úrfhíon agus fíon a láimhseáil, agus rialú an choipthe agus an phróisis leasaithe, borradh faoi tháirgeadh den cháilíocht is airde, rud a chaomhnóidh saintréithe traidisiúnta na gcineálacha fíona a chumhdaítear leis an ainmniúchán sin.'

Baineann sé sin le roinn (a), 'Cleachtais fhíoneolaíocha', de phointe 3, 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', sa tsonraíocht táirge; agus pointe 5.1, 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', sa doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach n-áirítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Meastar nach bhfuil gá leis na srianta sin ós rud é go bhfeictear nach bhfuil aon éifeacht ag toilleadh uasta sainithe na mbairillí ar cháilíocht na bhfíonta a chumhdaítear leis an ATFC seo, ná nach bhfuil tionchar acu ar na coinníollacha eile a leagtar síos sa phointe a scriosadh.

7.5. *Scriosadh srianta cultúrtha*

Tuairisc

Scriosadh an toirmeasc ar threilísí arda traidisiúnta ar a dtugtar 'latadas' go háitiúil, dá dtagraítear i roinn 1 de 'Cleachtais chultúrtha'.

Baineann sé sin le roinn (c), 'Cleachtais chultúrtha', de phointe 3, 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha', sa tsonraíocht táirge; agus an roinn maidir le 'Cleachtais chultúrtha' i bpointe 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach n-aicmítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Is é is cuspóir don leasú seo an córas 'treilís ard' (córas traidisiúnta ar an oileán a fheictear go minic i gclóis na bhfíonlann) a áireamh, córas ar cuireadh deireadh leis. Tá an córas sin athbhunaithe anois toisc gur léiríodh - leis an dul chun cinn san fhíonsaothrú nua-aimseartha a chuirtear i bhfeidhm go cúramach, agus leis na cineálacha a chumhdaítear leis an Ainmniúchán Tionscnaimh - go dtáirgtear fíonta ar ardchaighdeán ag a bhfuil saintréithe tipiciúla an ATFC 'Gran Canaria'.

7.6. *Feabhas ar ainmniú cineálacha áirithe*

Tuairisc

Is iad seo a leanas na feabhsuithe a rinneadh ar ainmniú roinnt de na cineálacha:

— ceartaíodh an t-ainm 'Albillo' go dtí a ainm ceart, is é sin 'Albillo Criollo'.

— Cuireadh 'Merenzao' leis mar phríomhainm 'Tintilla'.

— Cuireadh 'Bruñal' leis mar phríomhainm 'Baboso Negro'.

Baineann an leasú sin le pointe 6 den tsonraíocht táirge agus le pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach n-aicmítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Glacadh an deis na ceartúcháin sin a dhéanamh ar ainmneacha na gcineálacha.

7.7. *Feabhsuithe ar fhoclaíocht na roinne maidir leis an nasc*

Tuairisc

Cuireadh an pointe 'Forbairt an naisc de réir catagóir fíona' leis chun an nasc le haghaidh gach ceann de na ceithre chatagóir fíona a chumhdaítear leis an ATFC a léiriú.

Déanann sé sin difear do phointe 7 ('Nasc') den tsonraíocht táirge agus do phointe 8 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach n-aicmítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha. Níor scriosadh an nasc; ina ionad sin, cuireadh feabhas ar a fhoclaíocht.

Cúiseanna:

De réir Airteagal 95(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, i gcás ina bhfuil catagóirí éagsúla táirgí fíniúna ann, mar is amhlaidh an cás, léireofar na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc maidir le gach catagóir táirgí fíniúna lena mbaineann.

Dá bhrí sin, neartaíonn an leasú seo an nasc, rud a fhágann go gcomhlíonann sé an reachtaíocht.

7.8. *Athruithe ar na rialacha maidir le lipéadú*

Tuairisc

Áiríodh sa tsonraíocht an tagairt d'aonaid gheografacha níos lú ar lipéadú na bhfíonta agus leagadh síos na coinníollacha maidir lena n-úsáid.

Is iad na haonaid gheografacha níos lú a bhreithnítear anseo gach ceann de bhardais Gran Canaria.

Chun bheith in ann ainm an aonaid gheografaigh níos lú a úsáid ar an lipéad, ní mór an fíon a dhéanamh go heisiach as fíonchaora a tháirgtear san aonad geografach níos lú sin. Ní mór do tháirgeadh, aosú, i gcás inarb infheidhme, agus buidéalú a dhéanamh laistigh den aonad geografach sin freisin.

Ní mór tagairtí don aonad geografach níos lú a bheith i litreacha nach mó ná na litreacha a úsáidtear le haghaidh an ainmniúcháin faoi chosaint 'Gran Canaria'.

Ina theannta sin, bogadh na coinníollacha maidir le húsáid an téarma thraidisiúnta 'Clásico' i roinn 2 maidir leis an tuairisc ar na fíonta anseo, toisc gur saincheist lipéadaithe iad. Dá bhrí sin, cuireadh isteach an abairt seo a leanas: 'Tá an téarma "Clásico" teoranta d'fhíonta ó fhíonchaora ró-aibí a dhéantar as na cineálacha Malvasía nó Moscatel, a bhfuil níos mó ná 45 g/l de shiúcra iarmharach iontu.'

Baineann an t-athrú sin le pointe 8 maidir leis na forálacha is infheidhme den tsonraíocht táirge; pointe (c), 'Ceanglais bhreise'; roinn (ii), 'Forálacha breise a bhaineann le lipéadú', agus pointe 9 den doiciméad aonair, 'Coinníollacha fíor-riachtanacha eile'.

Is leasú caighdeánach é nach ndéanann difear ach do lipéadú an táirge agus nach bhfuil tionchar aige ar an táirge féin, agus nach n-áirítear in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Mar gheall ar an spéis mhéadaitheach atá ag tomhaltóirí eolas a bheith acu ar thionscnamh sonrach na dtáirgí, mar aon leis an éileamh ó fhíonsaothraithe agus ó dhéantóirí fíona ar mian leo an limistéar ina bhfástar nó ina dtáirgtear fíonta a chur i dtábhacht, i gcás inarb iomchuí sin, chomh maith le tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir le lipéadú an fhíona, tá údar maith leis an leasú sin.

A mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an téarma thraidisiúnta 'Clásico', ar ndóigh ní mór iad sin a bheith sna rialacha maidir le lipéadú.

7.9. *Roinnt pointí a thabhairt cothrom le dáta*

Tuairisc

Sonraí teagmhála an údaráis rialaithe inniúil a thabhairt cothrom le dáta

Baineann sé sin le pointe 9(a), 'Údaráis nó comhlachtaí rialaithe', sa tsonraíocht táirge. Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach n-áirítear é in aon cheann de na cineálacha a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Baineadh úsáid as an leasú ar an tsonraíocht táirge chun sonraí teagmhála an údaráis rialaithe a thabhairt cothrom le dáta, ar sonraí iad atá athraithe.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Gran Canaria

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

4. Fíon súilíneach

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. FÍON — Fíon geal agus *rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn cuma ghlan gheal ar na fíonta; Ceadaítear moirtiúlacht áirithe ag brath ar an gcineál táirgthe. Bíonn dath idir dath éadrom na tuí agus buí órga ar fhíonta geala, agus imir idir scothghlas agus órga orthu. Bíonn dath na fíonta *rosé* idir bándearg agus bándearg geal agus imireacha corcairghorma de dhéine íseal go measartha orthu. Maidir leis an mboladh agus sa bhéal, tá déine idir measartha agus an-ard ag na fíonta; bíonn siad struchtúrtha, tathagach agus marthanach, agus bíonn aigéadacht úr agus bhríomhar acu, agus i gcás ina bhfuil na fíonta milis, bíonn méid áirithe saibhreas acu. Bíonn dea-bholaithe de thorthaí trópaiceacha, bananaí, piorraí, úlla agus torthaí citris ar fhíonta geala, ar a mbíonn bolaithe finéil, ainíse, tobac ghlais agus bolaithe bláthacha; bíonn dea-bholaithe sútha talún agus torthaí dearga foraoise ar fhíonta *rosé*, a bhíonn beagán criostalaithe. D'fhéadfadh bolaithe ó chineálacha eile táirgthe (bolaithe créúla, mianraí agus balsamacha) a bheith ann freisin.

(*) I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. FÍON — Fíon dearg

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn cuma ghlan gheal ar na fíonta; Ceadaítear moirtiúlacht áirithe ag brath ar an gcineál táirgthe. Dath: dearg an ghairnéid, caordhearg, dath an rúibín, lena mbaineann raon imireacha idir imireacha corcairghorma go imireacha ar dhath an ghairnéid; déine idir éadrom agus domhain. Maidir leis an mboladh agus sa bhéal, déine idir measartha agus an-ard; struchtúrtha, tathagach agus marthanach, lena mbaineann aigéadacht úr agus bhríomhar, agus i gcás ina bhfuil na fíonta milis, méid áirithe saibhreas. Dea-bholaithe de thorthaí dearga agus bolaithe piobair, tobac agus seacláide dorcha; I bhfíonta aosaithe 'Crianza', bolaithe clóibh, liocrais, fanaile agus cainéil. D'fhéadfadh bolaithe ó chineálacha eile táirgthe (bolaithe créúla, mianraí agus balsamacha) a bheith ann freisin.

(*) I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. FÍON LICÉIR

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn cuma ghlan agus gheal ar an bhfíon lena mbaineann speictream leathan datha. Ó thaobh bolaidh de bíonn déine idir measartha agus an-ard air, lena mbaineann dea-bholaithe de thorthaí triomaithe agus ró-aibí agus de thorthaí trópaiceacha, torthaí citris, cnónna agus bolaithe mianracha; sa bhéal bíonn an fíon milis agus fada ar a mbíonn blasanna meala, aigéadacht úr bhríomhar, cothromaíocht agus marthanacht.

(*) I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. FÍON SÚILÍNEACH

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíon glan agus geal. Ceadaítear moirtiúlacht áirithe ag brath ar an gcineál táirgthe. Braitheann an dath ar an gcineál fíonchaor as a ndéantar an fíon, lena gcumhdaítear an raon toin a fhaightear i bhfíonta geala, dearga agus *rosé*. Bíonn boilgeoga idir mín agus meánmhéide, a bhíonn in ann foirmíocht an phaidrín agus na corónach a dhéanamh. Maidir leis an mboladh bíonn dea-bholaithe úra agus, go háirithe, bolaithe torthaíocha agus bláthacha a théann siar go dtí an bunfhíon; bíonn an fíon úr sa bhéal, lena mbaineann cothromaíocht idir aigéadacht agus milseacht.

(*) I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

5. FÍON Ó FHÍONCHAORA RÓ-AIBÍ

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíon glan agus geal a athraíonn ó dhath éadrom go buí órga le himireacha scothghlasa agus déine idir íseal agus measartha. Maidir leis an mboladh bíonn déine idir measartha agus an-ard acu, ar a mbíonn dea-bholaithe de thorthaí bána aibí nó triomaithe agus imireacha fíneálta moláis; sa bhéal, is iad na dea-bholaithe a bhaineann leis an mboladh a sheasann amach: aigéadacht chothrom, úr agus bhríomhar, le hiarbhlas fada a chuireann béim ar a milseacht agus a saibhreas taitneamhach.

(*) I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 14

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 0,8

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór na fíonchaora a bhuaint go roghnaitheach agus ní mór neart alcóil íosta 10 % de réir toirte a bheith iontu i gcás cineálacha geala, 11 % de réir toirte i gcás cineálacha dearga agus 12 % de réir toirte i gcás cineálacha atá beartaithe chun fíon licéir a tháirgeadh. Cuirtear brúnna iomchuí i bhfeidhm ionas nach sáraíonn an táirgeacht 72,5 l úrfhíona in aghaidh 100 kg fíonchaor.

2. Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Ní fhéadfar ach córais mheicniúla nach ndéanann damáiste do chodanna soladacha an triopaill a úsáid; toirmisctear meaisíní brúite lártheifeacha agus fáisceáin leanúnacha a úsáid. Sa táirgeadh, níor cheart aon chleachtas a bheith ann a bhaineann leis na fíonchaora a réamhthéamh nó na húrfhíonta nó na fíonta leis an marc atá ann a théamh, arb é is aidhm dóibh eastóscadh an ábhair dathúcháin a fhórsáil.

3. An modh saothraithe

Ní mór gurb iad na córais saothraithe agus na cleachtais fáis na cinn a bhainfidh an cháilíocht is fearr amach. Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe uasta na bhfíniúnacha. I gcórais phrúnála, cinntear líon uasta na mbachlóg in aghaidh an phlanda agus an heicteáir de réir 'inniúlacht phrúnála' gach cineáil; déantar prúnáil chána ar na cineálacha Malvasía Blanca, Rosada, Castellana Negra agus Tintilla, agus spoir ar a bhfuil dhá bhachlóg agus cánaí ar a bhfuil suas le sé bhachlóg. Féadfar uisciú a dhéanamh i rith na bliana i gcás planduithe nua, athphlanduithe nua, nó le linn na chéad trí bliana, agus ina dhiaidh sin freisin, ach amháin idir tús an aibithe agus an bhuaint.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíniúna gile

13 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíniúna gile

94,25 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha fíniúna deirge

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha fíniúna deirge

87 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Oileán iomlán Gran Canaria. Aithnítear ceantar 'Monte Lentiscal' faoin ainmniúchán mar gheall ar a luach stairiúil, a oidhreacht eitneagrafach agus a thraidisiún fíonsaothrúcháin. Déantar é a chríochú leis an líne theorann arna sainiú agus arna tugtar tuairisc uirthi i scríbhinn agus ar an léarscáil san Iarscríbhinn a ghabhann le Foraithne Reachtach 1/2000 an 8 Bealtaine 2000 lena bhformheastar téacs comhdhlúite na ndlíthe lena rialaítear críoch na nOileán Canárach agus limistéir nádúrtha na nOileán Canárach (Iris Oifigiúil na nOileán Canárach, Uimh. 60 an 15.5.2000), ceannteidil C-14 agus C-24, laistigh de limistéar Las Palmas de Gran Canaria, Santa Brígida agus Telde.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALBILLO CRIOLLO

BASTARDO BLANCO - BABOSO BLANCO

BASTARDO NEGRO

BERMEJUELA – MARMAJUELO

BREVAL

BRUÑAL - BABOSO NEGRO

BURRABLANCA

CASTELLANA NEGRA

DORADILLA

FORASTERA BLANCA

GUAL

LISTAN BLANCO DE CANARIAS

LISTAN NEGRO - ALMUÑECO

LISTAN PRIETO

MALVASÍA AROMÁTICA

MALVASÍA ROSADA

MALVASÍA VOLCÁNICA

MERENZAO – TINTILLA

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL NEGRO

NEGRAMOLL

PEDRO XIMÉNEZ

SABRO

TORRONTÉS

VERDELLO

VIJARIEGO BLANCO – DIEGO

VIJARIEGO NEGRO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon (fíonta geala, fíonta dearga agus fíonta rosé)*

Fástar fíniúnacha ar fud oileán Gran Canaria, ar dháileachtaí talún d'ithreacha bolcánacha a bhfuil comhdhéanaimh éagsúla acu. Tá éagsúlacht na n-ithreacha idir na hithreacha is tur, is crua agus is basaltaí, arna bhfoirmiú ag brúchtaí ársa, go hithreacha an-scaoilte, luaithriúla, a fhoirmítear le lapilli (luaith bholcánach), agus ithreacha lán le cré de thionscnamh bolcánach. Tá tionchar díreach ag an éagsúlacht sin ar chleachtais fíonsaothrúcháin agus, dá bhrí sin, ar an táirgeadh féin.

Fástar fíon ón gcósta go dtí an bhuaic is airde, ar dháileachtaí talún beaga agus meánmhéide, agus úsáid á baint as léibhinn, nó fánaí ailteanna, a bhfuil grádáin idir measartha agus géar agus raon treoíochta i gceist leo. Is é an toradh atá ar an staid sin mósáic iontach barr a bhfuil tionchar ag tosca éagsúla comhshaoil agus miocraeráide orthu. Mar gheall ar shaibhreas na gcineálacha áitiúla, mar aon le teicnící fíonóireachta láimhe, is féidir fíonta a tháirgeadh ina bhfuil saintréithe uathúla, so-aitheanta agus in-sainaitheanta.

I dteannta a chéile, déanann na tosca sin fíonta geala a bhfuil déine aramatach iontach agus aigéadacht chothromaithe acu, rud a thugann úire agus fad. Le mianracht na n-ithreacha bolcánacha tagann castacht agus doimhneacht, agus cuidíonn idirghabháil an duine i roghnú cineálacha agus i gcleachtais fhíoneolaíocha le próifíl aramatach na bhfíonta a shainiú. Tá struchtúr láidir ag na fíonta dearga, agus tainniní dea-chomhtháite a thugann tathag agus fad saoil dóibh. Tá siad aramatach agus forbraíonn siad raon leathan fíneáltachtaí ag brath ar an gcineál agus ar an bpróiseas aosaithe. Tá a marthanacht sa bhéal ar cheann dá saintréithe, rud a léiríonn an *terroir* agus na teicnící fíonóireachta araon. Seasann na fíonta *rosé* amach mar gheall ar a gcothromaíocht idir úire agus aigéadacht. Tugann an meascán cineálacha agus an aeráid máguaird struchtúr fíneálta ach seasmhach do na fíonta sin.

8.2. *Fíon licéir*

Tairbhíonn táirgeadh fíonta licéir in Gran Canaria d'éagsúlacht na miocraeráidí atá ina saintréith den oileán. Mar thoradh ar nochtadh don ghrian, ag brath ar thír-raon agus treoshuíomh na bhfíonghort, is féidir leis na fíonchaora aibiú go cothrom. Le linn an phróisis sin, faigheann na triopaill leibhéal ard radaíochta gréine, rud a mhéadaíonn tiúchan na siúcraí agus na ndea-bholaithe. Trí bhiotáille fíonchaor a úsáid sa táirgeadh, is féidir fíonta a fháil a bhfuil déine aramatach shuntasach acu, atá milis ach cothromaithe freisin, agus ag a bhfuil marthanacht mhór sa bhéal. Léiríonn na fíonta sin saibhreas an chineáil agus traidisiún fíonsaothrúcháin an réigiúin araon.

8.3. *Fíon súilíneach*

Tá an aeráid mheasartha, a bhfuil gaotha trádála agus sruthanna teo ó mhór-roinn na hAfraice i dtreise uirthi, fabhrach do thimthriall fada fáis. Fágann sé sin gur féidir leis na fíonchaora aibiú le himeacht ama, rud a fhágann go bhfuil cothromaíocht den scoth idir aigéadacht agus siúcraí. Tá struchtúr bríomhar agus marthanach ag na fíonta súilíneacha a thagann as sin, le bolgáin mhíne agus dhea-chomhtháite.

8.4. *Fíon ó fhíonchaora ró-aibí*

Tá dálaí aeráide Gran Canaria, ina mbíonn líon ard uaireanta an chloig gréine in aghaidh na bliana agus teochtaí seasmhacha, fabhrach do ró-aibiú na bhfíonchaor ar an bhfíniúin. Le leagan amach agus treoshuíomh na bhfíonghort, déantar nochtadh don ghrian a bharrfheabhsú, rud a ligeann do na fíonchaora siúcraí a thiúchan agus aigéadacht chothromaithe a choinneáil ar bun an tráth céanna. Déantar idirdhealú idir na fíonta sin mar gheall ar a bpróifíl mhilse, agus cothromaíocht idir milseacht agus úire, rud a chuireann castacht an táirge deiridh i dtábhacht.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór fíonta a chumhdaítear leis an Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint 'Gran Canaria' a bhuidéalú go heisiach i bhfíonlanna atá cláraithe i gclár fíonlainne ábhartha an Bhoird Rialála.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór an t-ainm 'Denominación de Origen Gran Canaria' agus, i gcás inarb iomchuí, 'Monte Lentiscal' a bheith ar an bpríomhlipéad, ar choinníoll go dtagann na fíonchaora a úsáidtear sa táirgeadh go hiomlán ón gceantar sin. Is iad seo a leanas aonaid gheografacha níos lú eile is féidir tagairt a dhéanamh dóibh ar lipéadú fíonta ag a bhfuil an Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint 'Gran Canaria': Agaete, Agüimes, Artenara, Arucas, Firgas, Gáldar, Ingenio, La Aldea de San Nicolás, Las Palmas de Gran Canaria, Mogán, Moya, San Bartolomé de Tirajana, Santa Brígida, Saint Lucia de Tirajana, Santa María de Guía, Valleseco, Valsequillo de Gran Canaria, Tejeda, Telde, Teror agus Vega de San Mateo. Ní fhéadfar an bardas a lua ach amháin má thagann 100 % de na fíonchaora ó dháileachtaí talún atá lonnaithe sa bhardas sin agus má dhéantar an fíon a tháirgeadh, a aosú (i gcás inarb iomchuí) agus a bhuidéalú i bhfíonlanna sa bhardas céanna. Ar na lipéid ar na fíonta sin, ní mór tagairtí don aonad geografach níos lú a bheith i litreacha nach mó ná na litreacha a úsáidtear le haghaidh an ainmniúcháin faoi chosaint 'Gran Canaria'.

Tá an téarma 'Clásico' teoranta d'fhíonta ó fhíonchaora ró-aibí ó na cineálacha Malvasía nó Moscatel, a bhfuil níos mó ná 45 g/l de shiúcra iarmharach iontu.

Baineann an tagairt do bhuaint, bliain fíona nó buaint fíonchaor le fíonta a dhéantar ag a bhfuil 85 % ar a laghad den bhuaint (fíonchaor) sin. Féadfar ainm an chineáil a úsáid má tá 100 % den chineál sin ann.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.gobiernodecanarias.org/cmsgob2/export/sites/agpsa/icca/galerias/doc/calidad/v/gc/Pliego-condiciones-modificado-GC.pdf